# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T2 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 01

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

## Teideal an tSaothair: Cístíní cupa a mhaisiú

**An tasc a bhí á mheas:** Roghnaigh an scoláire labhairt faoi agus taispeántas a thabhairt ar conas cístíní cupa a mhaisiú.

**Formáid:** Cur i láthair idirghníomhach – ag taispeáint conas cístíní cupa a mhaisiú.

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Cumas Cumarsáide:

**Labhairt**

**1.13** focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn.
**1.14** taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge.
**1.15** a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin.

**Idirghníomhú cainte**

**1.20** freagairt do theachtaireachtaí gan choinne le linn comhrá
**1.21** cumarsáid a choimeád sa súil agus déileáil le deacrachtaí tuisceana.
**1.22** soiléiriú nó athrá a lorg

**Feasacht Teanga Agus Chultúrtha**

**2.3** pátrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail &rl a aithint agus a úsáid.

**Féinfheasacht an fhoghlaimeora**

**3.3** cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh.

## Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Tá suim mhaith ag an scoláire seo sa chócaireacht, mar sin roghnaigh sé tabhairt faoi chístíní cupa a mhaisiú. Roghnaigh sé an cur i láthair a dhéanamh leis féin, mar a dhéanann cócairí cáiliúla ar an teilifís, dar leis.

Rinne sé cuardach ar www.téarma.ie do stór focail a bhí oiriúnach don chur i láthair. Sa chaoi seo d'fhoghlaim sé focail nua, mar shampla 'cístíní cupa'. Chuir sé script le chéile don phíosa cainte agus d'fhoghlaim sé ón aiseolas a roinn an múinteoir leis, rud a chuir lena chruinneas sa Ghaeilge. Rinne sé cleachtadh ar fhuaimniú na bhfocail, trí bheith ag éisteacht le haiseolas ón múinteoir.

Mar gheall ar an easpa muiníne atá aige, shocraigh an scoláire seo nótaí a bheith in aice leis, agus leas a bhaint astu mar thaca más agus nuair ba ghá.

## Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

### Cumas cumarsáide:

Bhí cumas cumarsáide réasúnta maith ag an scoláire seo. Léirigh sé fuaimeanna agus dul na teanga ag leibhéal réasúnta. Bhí sé soiléir go raibh fios a cheirde ar a bhí idir lámha aige. Bhí sé neirbhíseach. Chaith sé roinnt ama ag féachaint ar nótaí. Bhí earráidí bunúsacha ó thaobh fhuaimeanna agus fhoghraíochta de.

### Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Níor thuig sé roinnt de na ceisteanna a cuireadh cé go ndearna sé iarracht éigin ar fhreagraí a thabhairt. Bhí sé stadach. Bhí easpa tuisceana le sonrú ann.

### Feasacht teanga:

Bhí feasacht teanga agus tuisceana réasúnta ag an scoláire seo ar phatrúin agus ar chomhréir na Gaeilge. Bhí earráidí comhréire agus botúin ghramadaí minic a dhóthain aige. Bhí taighde déanta aige ar théamaí bácála.

**Tuairiscín:** Ag teacht leis na hionchais

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill